Coláiste | Aonad Bainistíochta:	Oifig an Chláraitheora
Scoil | Aonad:	Acadamh Nuálaíochta UCD
Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair:	Speisialtóir Éascaithe
Tréimhse an Phoist:	Post ar Théarma Seasta go dtí an 31 Nollaig 2029
Grád:	Neamhscála, ailínithe le AO1
Cnuasach Post agus Leibhéal Gairme:	Hibrideach, ailínithe le Leibhéal Gairme 4
Uimh. Thagartha um Jabmheastóireacht:	H2020-73
Bainisteoir Líne:	Ceannasaí Nuálaíochta Oideachais
Uimhir Thagartha an Chomórtais:	017781
Riarthóir AD:	Yasemin Ozdemir

Achoimre ar an bPost:

Courageously DIFFERƎNT?
Want a role where you can make a difference?

If so, we want to hear from you!

Courgeousy DIFFERENT?
Want a role where you can make a difference?

If so, we want to hear from you!

ÉAGSÚIL ar dhóigh mhisniúil?
An bhfuil ról uait ina bhfuil tú in ann difear a dhéanamh?

Má tá, teastaíonn uainn cloisteáil uait!

Is é an misean atá againn ná cabhrú le feabhas a chur ar an tsochaí trí eispéiris oideachasúla bhunathraitheacha.

Ullmhaímid foghlaimeoirí do dhúshláin agus dheiseanna an Antrapaicéinigh agus an 4ú Réabhlóid Thionsclaíoch trí Mheonta Nuálacha a chothú, le béim ar thodhchaí inbhuanaithe do chách.

Is mian le hAcadamh Nuálaíochta (IA) UCD foireann Speisialtóirí Éascaithe a earcú chun cabhrú linn le cur chuige nuálacha a dhaingniú i gcroílár na foghlama in UCD. Beidh tú i do bhall d'fhoireann dhinimiciúil, thiomanta agus chuspóirdhírithe a oibríonn leis na mílte foghlaimeoir gach bliain ar fud ocht gclár shuaitheanta. Táimid sa tóir ar dhaoine a bhfuil paisean d'oideachas ó thaithí agus spéis sna réimsí seo a leanas acu, chomh maith le taithí orthu: lúfaireacht foghlama, cruthaitheacht, nuálaíocht, dearadh, inbhuanaitheacht agus bunathrú digiteach.

Mar Cheannasaí Oideachais Nuálaíochta, cabhróidh tú le scoláirí fochéime agus iarchéime foghlaim, déanfaidh tú cúrsaí agus imeachtaí níos giorra a éascú, agus cinnteoidh tú torthaí foghlama agus tionscnaimh 'an chéad chleachtas eile' nuálacha agus ar ardchaighdeán. Trí chomhoibriú le foireann Speisialtóirí Fiontraíochta agus Speisialtóirí Éascaithe,
cruthóidh tú timpeallacht foghlama bhríomhar (i bpearsa agus beo ar líne). Táthar ag súil go ndéanfar an ról seo go príomha ar an láthair ar Champas Belfield.

Tacóidh tú le feabhas a chur go leanúnach ar chúrsaí agus modúil reatha, agus cruthóidh tú cur chuige nua ó riachtanais a aithint, fréamhshamhaltú, meastóireacht, faomhadh acadúil agus cúrsaí agus modúil reatha a leathadh amach. Mar Speisialtóir Éascaithe, cabhróidh tú le tionchar ár gclár a neartú, rud a chumasóidh cláir foghlama nuálacha den chéad scoth ar féidir leo athrú sistéamach a chur i bhfeidhm.

Má tá suim agat sa deis chun ról IA san ardoideachas amach anseo a mhúnlú agus tionchar a bheith agat ar an

tsochaí agus ar an ngeilleagar, tá níos mó sonraí ar fáil ag: www.innovators.ie/careers/

Bainteach go sonrach leis an bpost seo / IMP. Nóta d'Iarrthóirí:

- Anuas ar CV sonraithe, iarrtar ar iarrthóirí litir chumdaigh a chur le chéile, 'Why they wish to work at the UCD Innovation Academy and briefly expand on why they are suitable for this particular role.' / 'Cén fáth gur mhaith leo oibriú ag Acadamh Nuálaíochta UCD, agus sonraigh na fáthanna go bhfuil said oiriúnach don ról seo'.
- Táthar ag súil go mbeidh agallaimh don phost seo ar siúl i bpearsa ar an 13 agus an 16 Nollaig agus go mbeidh na róil ag tosú ar an 1 Aibreán agus ar an 1 Lúnasa 2025.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

Is iad na príomhdhualgais a bhaineann leis an bpost ná foghlaim na mac léinn a éascú agus tacú le forbairt agus soláthar chlár IA. Áirítear go sonrach leis an bpost:

Oideachas:

- Foghlaim ár mac léinn a éascú trí thimpeallacht foghlama bhríomhar a chruthú agus díograis d'oideachas ó thaithí agus forbairt na mac léinn a léiriú.
- A chinntiú go dtuigtear torthaí foghlama ár gclár agus go mbaintear amach iad – cláir nuálacha agus ionchuimsitheacha ar ardchaighdeán a fhorbairt agus a choimeád – beo ar líne agus i bpearsa.
- Mic léinn a ullmhú do dhúshláin agus dheiseanna an 4ú Réabhlóid Thionsclaíoch agus an Antrapaicéinigh - trí Mheoin Nuálaíochta agus Lúfaireacht Foghlama a chothú, teicneolaíochtaí nua a chur i bhfeidhm agus cur chuige atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a mheas.
- Foghlaim ó thaithí ar ardchaighdeán a éascú trí fheidhm a bhaint as réimse inniúlachtaí éascaithe chun a chinntiú go mbainfear torthaí foghlama amach.
- Bheith i gceannas ar fhorbairt agus soláthar modúl (lena n-áirítear riachtanas a aithint, faomhadh acadúil, dearadh, soláthar agus feabhsú). Tacú le cláir a fhorbairt agus a sholáthar.
- Tacú go réamhghníomhach le foghlaim an mhic léinn aonair trí: cóitseáil (lena n-áirítear deiseanna foghlama ar an toirt), tacaíocht treorach agus comharthaíocht a sholáthar chomh maith le measúnuithe a shocrú, a mheasúnú agus aiseolas múnlaitheach a sholáthar orthu.
- Haiceatóin, ceardlanna agus ranganna teagaisc, a stiúradh in Éirinn agus thar sáile ó am go chéile agus a bheith rannpháirteach iontu.

Próisis:

- Dul chun cinn an ranga a rianú, aiseolas a lorg, torthaí a thaifeadadh, a dhoiciméadú agus machnamh a dhéanamh orthu, machnamh a dhéanamh ar mheasúnuithe ar mhodúil agus cultúr foghlama agus feabhsuithe leanúnaigh a chruthú i ngach gné de thaithí an mhic léinn.
- Ábhair foghlama agus modhanna éascaithe a fhorbairt agus a chomhthiomsú agus iad a roinnt leis an bhfoireann i gcoitinne.
- Cabhrú le haighneachtaí ó mhic léinn a bhailiú, a chomhthiomsú agus a eagrú le haghaidh an Scrúdaitheora Sheachtraigh.

Comhordú agus Comhoibriú:

- Oibriú i gcomhar laistigh d'fhoireann oideachasóirí agus teagascóirí agus d'fhoireann Oibríochtaí IA chun leanúnachas ag leibhéal an chláir a sholáthar do mhic léinn ar fud mhodúil an chúrsa.
- Cláir a fheabhsú trí aoichainteoirí chomh maith le hóstaigh tionscadal sheachtracha a aithint agus a mhealladh chun fíordhúshláin an tsaoil mhóir a chur faoi bhráid ár mac léinn.
- Caidrimh oibre éifeachtúla a chur ar bun idir mic léinn, cleachtóirí, comhpháirtithe agus eagraíochtaí ósta.
- Dul i mbun plé le comhghleacaithe ar fud na hOllscoile chun taithí na mac léinn i gcoitinne a fheabhsú.
- Tacú leis an bhfoireann forbartha gnó maidir leis an tslí a n-earcaítear mic léinn agus a ndéantar cumarsáid leo.
- Oibriú i gcomhar leis an gClárbhainisteoir Sinsearach chun a chinntiú go bhfuil cúrsaí á mbainistiú i

gcomhréir le rialacháin acadúla agus sceidil agus próisis bainistithe curaclaim UCD.

- Comhoibriú leis na Bainisteoirí um Chomhtháthú Teicneolaíochta agus leis an mBainisteoir um Réitigh Inbhuanaithe chun teicneolaíochtaí nua agus an inbhuanaitheacht a chomhtháthú i gcúrsaí de réir mar is cuí.

Cáil agus Forbairt Straitéiseach:

- Cuir chuige nua atá ag teacht chun cinn maidir leis an ardoideachas a fhiosrú, a fhoghlaim, a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a roinnt.
- Tuiscint agus an feidhmiú oideachais ó thaithí san ardoideachas a chur chun cinn.
- An tAcadamh Nuálaíochta a chur chun cinn go háitiúil, go réigiúnach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta – páirt a ghlacadh e.g. i gcomhdhálacha, i ngrúpaí a bhfuil suim acu in ábhair ar leith, in imeachtaí tionscail agus i ngníomhaíochtaí comhlachtaí gairmiúla.

Dualgais Eile

- Dualgais eile a bhaineann leis an ról a dhéanamh de réir rogha Stiúrthóir an Acadaimh Nuálaíochta nó a (h)ainmní.

95 Oifigeach Riaracháin (2013) Scála Tuarastail: €51,267 - €69,396 in aghaidh na bliana

Déanfar ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Fáiltíonn UCD roimh iarratais ó chách. Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Critéir Roghnúcháin

Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin.

Éigeantach:

Taithí agus Cáilíochtaí:

- Taithí ghairmiúil 4 bliana ar a laghad lena n-áirítear taithí roimhe seo ar ról éascaithe.
- Céim tríú leibhéal.
- Fianaise ar lúfaireacht foghlama e.g. cáilíocht le déanaí nó rud den chineál céanna.
- Saineolas sonrach ar éascú a dhéanamh i gceann amháin nó níos mó de na sainréimsí seo a leanas: cruthaitheacht, nuálaíocht, dearadh, inbhuanaitheacht agus bunathrú digiteach.
- Caithfidh iarrthóirí feasacht ar chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a léiriú.

Inniúlachtaí Feidhmiúla:

Timpeallacht Rannpháirteach a Chruthú agus a Chothú

- An t-am agus an spás atá ag teastáil chun tacú le próiseas grúpa a thuiscint.
- Timpeallacht sábháilteachta agus iontaoibhe síceolaíochta a chruthú.
- Scileanna cumarsáide idirphearsanta agus rannpháirteacha éifeachtúla a léiriú.
- Dáimh le réimse éagsúil rannpháirtithe a fhorbairt.
- Úsáid a bhaint as na cuir chuige is fearr a oireann do riachtanais agus cumais an ghrúpa agus úsáid a bhaint as réimse cur chuige chun comhthoil ghrúpa a bhaint amach.

- Fuinneamh an ghrúpa a spreagadh agus leas a bhaint as.

Tacú leis an Éagsúlacht agus leis an Ionchuimsiú

- An-mheas ar thaithí agus dearcadh gach rannpháirtí a spreagadh, agus deiseanna a chruthú do rannpháirtithe chun leas a bhaint as an éagsúlacht laistigh de ghrúpa.
- Cabhrú le daoine aonair barúlacha bunaidh a aithint agus a athbhreithniú.
- Coimhlint agus an tionchar atá aici ar fhoghlaim/aibíocht ghrúpa a aithint, timpeallacht shábháilte a sholáthar inar féidir leis an gcoimhlint teacht chun solais, iompar grúpa suaiteach a bhainistiú agus tacú le foirne tríd an gcoimhlint a réiteach.

Ranganna/grúpaí a threorú chuig torthaí cuí agus úsáideacha

- Dearaí cuí a chruthú chun torthaí beartaithe a bhaint amach.
- Éisteacht, ceistiú agus achoimriú go gníomhach chun mothú an ghrúpa a thuiscint.
- Cabhrú leis an ngrúpa a machnamh a dhéanamh ar a dtaithí.
- Próisis a oiriúnú do staideanna agus riachtanais athraitheacha an ghrúpa.

Eolas Gairmiúil a Fhorbairt agus a Choimeád

- Teoiric foghlama a thuiscint.
- Smaoineamh cruthaitheach a spreagadh agus a chleachtadh.
- Cur amach aige/aici ar réimse modhanna éascaithe.
- Samhlacha réitithe fadhbanna agus cinnteoireachta a thuiscint.
- Réimse modhanna grúpa a thuiscint agus cur amach aige/aici ar na hiarmhairtí is féidir a tharlú mar thoradh ar mhí-úsáid modhanna grúpa.
- Próiseas a idirdhealú ó thasc agus ábhar.
- Próisis, modhanna agus samhlacha nua a fhoghlaim mar thaca le riachtanais a bhíonn ag athrú/teacht chun cinn.

Meon Gairmiúil Dearfach a léiriú

- Aiseolas a lorg, féinmheasúnú agus féinfheasacht a chleachtadh, machnamh a dhéanamh ar iompar agus torthaí.
- É nó í féin a iompar ar dhóigh ionraic, comhréiteach a choimeád idir ghníomhartha agus luachanna pearsanta agus gairmiúla.
- Déileáil le cúrsaí ar dhóigh iontaofa agus le meon dearfach.
- Seasamh oibiachtúil, neamhchosantach, neamhbhreithiúnach a choimeád.

Athléimneacht Oibríochtúil

- Seasmhacht agus feidhmíocht a choimeád agus tascanna laethúla á ndéanamh agus gníomhú go héifeachtach faoi bhrú.
- Diongbháilteacht, féinsmacht agus tiomantas a léiriú agus timpeallacht athraitheach nó deacrachtaí rompu agus meantóireacht a dhéanamh go réamhghníomhach ar bhaill foirne chun na rudaí céanna a dhéanamh.
- Tagann sé/sí aniar ó dhíomá nó achrann, gan ligean dá leithéid sin tionchar diúltach a imirt ar a bhfeidhmíocht leanúnach.

<u>Príomhinniúlachtaí:</u>

Caidrimh a Chothú

- Caidrimh oibre éifeachtacha a chothú laistigh dá réimse féin agus ar bhonn níos leithne.
- Comhoibriú a spreagadh i ndaoine eile.
- Tacú le comhpháirtíochtaí chun torthaí a bhaint amach.
- Cumas oibriú le daoine eile chun sprioc choiteann a bhaint amach, páirt ghníomhach a ghlacadh, freagracht

© Acmhainní Daonna UCD

agus aitheantas a roinnt, agus cur le hacmhainn na foirne.

Pleanáil agus Eagrú

- A chuid nó a cuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú go héifeachtach.
- Tosaíochtaí soiléire a leagan síos agus a chinntiú go mbaintear spriocdhátaí amach.
- Gníomhaíochtaí a eagrú, cúraimí a scaradh óna chéile agus a ghrúpáil le chéile chun aschur a sholáthar de réir amfráma soiléir chun cuspóirí a chomhlíonadh.

Cumarsáid Éifeachtach

- Cumarsáid scríofa agus ó bhéal a dhéanamh atá soiléir.
- Eolas agus smaointe a chur in iúl do dhaoine eile agus a leithéid a roinnt leo, éisteacht go cúramach, tuiscint a shoiléiriú agus tuairimí difriúla a chur san áireamh.

Bainistiú Tionscadail

- A chinntiú go ndéantar spriocanna, cuspóirí agus critéir ratha an tionscadail a shainmhíniú ag an tús.
- Róil agus freagrachtaí gaolmhara, spriocanna insoláthartha agus garspriocanna a shoiléiriú.
- Bacainní agus áisitheoirí a aithint agus plean a fhorbairt dá réir.
- Plean tionscadail mionsonraithe a chruthú, monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn, aiseolas a lorg agus cur chuige a athrú de réir mar is gá.
- Teipeanna/botúin a nótáil agus treoir agus tacaíocht shinsearach a lorg de réir mar is gá.

Nuálaíocht agus Athrú

- Cur chuige dearfach a ghlacadh chun dul i ngleic le hobair agus fáilte a chur roimh athrú.
- Fáilte a chur go rialta roimh aiseolas maidir le feidhmíocht agus déileáil leis ar bhealach cuiditheach.
- Timpeallacht foghlama ó thaithí agus feabhsaithe a chothú taobh le cultúr nuálaíochta .
- Rannpháirtíocht chuí páirtithe leasmhara i gcláir/dtionscadail athraithe a chinntiú.
- A chinntiú go bhfuil athrú ailínithe le prionsabail mhorálta agus caighdeáin eiticiúla.

Comhionannas Éagsúlacht agus Ionchuimsiú:

- Caithfidh iarrthóirí feasacht ar chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a léiriú.

Inmhianaithe:

- N/B – Níl aon Chritéir Inmhianaithe ag gabháil leis an ról seo.

Eolas Breise:

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí	https://strategy.ucd.ie/
Oifig an Chláraitheora agus an Leas-Uachtaráin:	https://www.ucd.ie/registrar/
Acadamh Nuálaíochta UCD:	https://www.innovators.ie/
Eile (*Sonraigh le do thoil*):	N/B

Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:

Ainm:	Eileen Diskin

Teideal:	Ceannasaí Nualaíocht Oideachais
Seoladh rphost:	Eileen.diskin@ucd.ie
Fón:	N/A